Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11115/26**

**ECOFIN 905**
**UEM 309**
**SOC 434**
**EMPL 236**
**COMPET 849**
**ENV 825**
**EDUC 291**
**ENER 447**
**JAI 885**
**GENDER 122**
**JEUN 165**
**SAN 523**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Seicia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 203 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Seicia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an tSeicia ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don tSeicia. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an tSeicia ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an tSeicia. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Seicia ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Seicia[4]. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse ó 2025 go dtí 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 4 bhliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 4,5 % in 2025, 2,5 % in 2026, 2,6 % in 2027 agus 2,9 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 10,1 % in 2025, 12,9 % in 2026, 15,8 % in 2027 agus 19,2 % in 2028.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[5] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón tSeicia, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don tSeicia imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[6]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an tSeicia in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

---

4 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Seicia (IO C, C/2025/666, 10.2.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/666/oj).

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

6 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don tSeicia imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3962, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3962/oj).

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an tSeicia Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[7] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Seicia i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) In 2025, ba é 2,6 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,3 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,8 % in 2026 agus faoi 2,4 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,7 % ann in 2026 agus 2,8 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[8], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Seicia ó easnamh 2,0 % de OTI in 2024 go heasnamh 2,1 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 infheistíocht phoiblí níos airde agus fóirdheontais rialtais mhéadaithe d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh 2,8 % de OTI ann in 2026 agus easnamh 2,9 % de OTI ann in 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú in 2026 céimniú amach iomlán na cánach ar bhrabúis amhantair na gcuideachtaí fuinnimh agus an fhreagracht maidir le híocaíocht an tobhaigh fuinnimh in-athnuaite á glacadh ag an rialtas air féin ó thomhaltóirí leictreachais. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2027 den chuid is mó aistrithe caipitil ón Aontas atá ag laghdú, arna bhfritháireamh den chuid is mó le laghdú ar chaiteachas ar shochair shóisialta agus ar infheistíocht phoiblí.

---

[7] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

[8] Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[9], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2025. Réamh-mheastar go bhfásfaidh an staid fhioscach faoi 0,7 % de OTI in 2026 agus go gcrapfaidh an staid fhioscach faoi 0,6 % de OTI in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Seicia ó 43,3 % de OTI ag deireadh 2024 go 44,3 % de OTI ag deireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 den chuid is mó an coigeartú sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiachas agus, ar bhonn níos lú, an príomh-chomhardú diúltach, arna fhritháireamh go páirteach le fás OTI ainmniúil. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 45,8 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 47,2 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn an méadú in 2026 agus 2027 den chuid is mó an príomh-chomhardú diúltach agus, ar bhonn níos lú, an coigeartú sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiachas, arna fhritháireamh go páirteach le fás OTI ainmniúil.

(13) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[11], 1,2 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Seicia ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag an leibhéal céanna in 2026. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,3 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain tagartha 2021[12].

---

9 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

10 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

11 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

12 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an tSeicia chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[13], is é sin, laghdú neamhspriocdhírithe ar mháil ar dhíosal le dáta éaga an 31 Bealtaine 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é níos lú ná 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach an bhirt sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh an beart sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,1 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leis sa bhliain sin.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa tSeicia faoi 4,9 % in 2025 agus is fás carnach 6,0 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,2 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh[14].

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa tSeicia faoi 6,4 % in 2026 agus gur fás carnach 12,7 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh, le diall 0,1 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

---

13 Is léiriú é sin ar an gcás ó scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

14 Ós rud é go dtairbhíonn an tSeicia de sholúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta, sa mheasúnú ar chomhlíontacht dírítear ar an gcomparáid dheireanach a luadh.

(17) In 2024, ghlac an tSeicia athchóirithe reachtacha lena dtugtar aghaidh ar an moladh tírshonrach atá ann le fada maidir le pinsin. Mar sin féin, tá rioscaí ann go fóill don inbhuanaitheacht fhioscach. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú tapa ar chóimheas seanaoise agus cleithiúnais na Seicia (cion na ndaoine scothaosta in aghaidh daoine in aois oibre) tar éis 2030. Mhol an rialtas le déanaí innéacsú pinsean a mhéadú go dtí leath an fháis san fhíorphá (seachas aon trian den fhás san fhíorphá faoi láthair) agus, ina theannta sin, innéacsú pinsean a mhéadú do phinsinéirí scothaosta. Ó bhí 2025 ann, tá pinsinéirí atá ag obair i dteideal lascaine ar árachas sóisialta, agus mhol an rialtas le déanaí an chomhpháirt phinsin atá acu a bhaineann le tuilleamh a mhéadú. Dá spreagfaí tuilleadh oibrithe scothaosta chun fanacht san fhostaíocht, chuideofaí leis na rioscaí don inbhuanaitheacht fhioscach a laghdú.

(18) Cuireann easnaimh struchtúracha leanúnacha agus brúnna caiteachais béim ar an ngá atá le hairgeadas poiblí ar chaighdeán níos fearr. Tá rioscaí ar leibhéal íseal go meánleibhéal roimh an tSeicia ó thaobh na hinbhuanaitheachta fioscaí de. Mar sin féin, i bhfianaise brúnna caiteachais meántéarmacha agus fadtéarmacha, amhail iad siúd a eascraíonn as daonra atá ag dul in aois, as an athrú aeráide agus as na dúshláin atá roimh an tsamhail fáis eacnamaíoch, tá gá le tuilleadh athchóirithe chun borradh a chur faoin iomaíochas, faoin táirgiúlacht agus faoin inbhuanaitheacht. Tá dúshláin roimh an rialtas maidir le tosaíocht a thabhairt don airgeadas poiblí agus maidir leis an úsáid is táirgiúla a bhaint as caiteachas, maidir leis na córais chánach agus sochair a dhéanamh níos éifeachtúla, go háirithe i margadh an tsaothair agus sa tslándáil shóisialta, agus maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí, lena n-áirítear san oideachas agus sa chúram sláinte. Ó thaobh an chaiteachais de, tá an tSeicia ar cheann den bheagán Ballstát nach bhfuil aon chleachtas bunaithe aici maidir le buiséadú feidhmíochtbhunaithe ná athbhreithnithe caiteachais. Tá gealltanas tugtha ag an rialtas tús áite a thabhairt d'úsáid éifeachtúil thrédhearcach cistí poiblí, rud atá ailínithe le buiséad an stáit agus le hinfheistíochtaí straitéiseacha. Mar sin féin, níl sé ar intinn go fóill leanúint ar aghaidh leis an mbuiséadú feidhmíochtbhunaithe ná leis na hathbhreithnithe caiteachais a tugadh isteach ar bhonn píolótach le déanaí. Bhainfeadh an tSeicia tairbhe as imeacht ón struchtúr buiséid traidisiúnta atá bunaithe ar ionchur go córas feidhmíochtbhunaithe lena ndéantar faisnéis feidhmíochta a chomhtháthú sa chinnteoireacht bhuiséadach, lena n-áirítear trí úsáid chórasach a bhaint as athbhreithnithe caiteachais agus táscairí atá bunaithe ar thorthaí. Chuige sin, bheadh gá freisin le creat láidir institiúideach agus reachtach lena n-áiritheofaí go léireofaí torthaí na n-athbhreithnithe caiteachais agus na faisnéise feidhmíochta go córasach sa chinnteoireacht bhuiséadach, i mbeartú tosaíochtaí caiteachais agus i gceapadh beartas poiblí.

(19) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(20) Sa tSeicia, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an tSeicia ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais comhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an tSeicia ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[15], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(21) Tá roinnt dúshlán roimh an tSeicia a bhaineann le riarachán poiblí, dícharbónú, an margadh saothair, oideachas, margaí caipitil, nuálaíocht agus an timpeallacht ghnó.

---

15 Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(22) Tá acmhainneacht íseal an riaracháin phoiblí ina bac ar thimpeallacht ghnó na Seicia. Go háirithe, bíonn an riarachán poiblí ag streachailt chun tallann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt. Mar shampla, tá tuarastail sa riarachán poiblí ag laghdú i dtéarmaí réadacha agus i gcomparáid leis an earnáil phríobháideach le beagnach 10 mbliana anuas. I gcás poist bhainistíochta, TF agus saineolaithe i bPrág, tá difríocht 46 % ann, geall leis, i gcomparáid leis an earnáil phríobháideach. Tá cobhsaíocht na ról bainistíochta sa riarachán lárnach an-íseal freisin, agus déantar os cionn 40 % den bhainistíocht ardleibhéil atá neamhpholaitiúil go hainmniúil a ionadú tar éis gach athrú rialtais. Is minic a aicmítear dífhostuithe mar atheagrú, rud a chuireann teorainn le cosaintí dlíthiúla. Tá togra reachtach chun na státseirbhísí a athchóiriú curtha síos sa Pharlaimint. Ós rud é nach bhfuil aon mheasúnú tionchair ar fáil, is deacair measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí ag an gcéim seo. Tá acmhainneacht riaracháin theoranta fós ann i réigiúin faoi mhíbhuntáiste (Karlovarský, Ústecký agus Moravskoslezský) a bhfuil dúshláin struchtúracha rompu a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus caipiteal daonna, rud a chuireann bac ar iomaíochas agus fás réigiúnach. D’fhéadfaí acmhainneacht an riaracháin phoiblí a mhéadú, mar shampla, trí dheiseanna oibre a chur in iúl ar bhealach níos fearr, bainisteoirí a roghnú agus a fhorbairt ar bhealach níos fearr, tuarastail níos solúbtha chomh maith le tuarastail níos airde, go háirithe i gcás róil bhainistíochta agus saineolaithe, cosaint dhlíthiúil mhéadaithe do státseirbhísigh shinsearacha ag an riarachán lárnach agus ualach riaracháin laghdaithe.

(23) De dheasca rialachas bardasach ilroinnte na Seicia agus na rialacha bardasacha maidir le sannadh cánach atá as dáta, ní dhreasaítear forbairt eacnamaíoch, ní léirítear go cruinn costas na seirbhísí a sholáthraíonn bardais de mhéideanna éagsúla, cuirtear bac ar chomhtháthú críochach, agus gintear coigilteas mór neamh-infheistithe. Is ag an tSeicia atá na bardais is lú i measc thíortha ECFE. Áirítear leis sin freisin Prág, an phríomhchathair, atá freagrach as níos mó ná 25 % den OTI náisiúnta agus atá roinnte ó thaobh riaracháin de i 57 gceantar. Ina theannta sin, tá an creat dlíthiúil le haghaidh comhar idirbhardasach tearcfhorbartha, rud a chuireann bac ar bhardais a bhfreagrachtaí a tharmligean i réimsí amhail pleanáil spásúlachta agus iompar chuig comhlachais bhardasacha. Is ag bardais na Seicia atá an coigilteas is airde i gcoibhneas le OTI san Aontas freisin. Chomh maith le hilroinnt, is toradh é an coigilteas ard sin ar na rialacha maidir le sannadh cánach (*rozpočtové určení daní*). Leis na rialacha sin, leithdháiltear formhór mór an ioncaim de réir líon na gcónaitheoirí buana. Mar sin féin, ní spreagann siad forbairt eacnamaíoch go leordhóthanach (go háirithe an tógáil) agus léiríonn siad go míchruinn fíorchostas na seirbhísí a sholáthraíonn lárionaid réigiúnacha. Tá an tSeicia ag féachaint ar roghanna féideartha bunaithe ar anailís leanúnach ar na rialacha maidir le sannadh cánach.

(24) Tá próisis pleanála spásúlachta agus cheadaithe fós casta agus mall, rud a chuireann srian mór ar an timpeallacht ghnó agus ar an iomaíochas agus a ardaíonn costais na forbartha eacnamaíche agus tráchtála. Ardaíonn siad costais an fhuinnimh go hindíreach freisin (mar gheall ar thógáil bonneagair fuinnimh níos moille), fágann siad go bhfuil sé níos deacra do dhaoine bogadh níos gaire dá gcuid oibre (mar gheall ar thithíocht nach bhfuil chomh hinacmhainne céanna) agus cuireann siad bac ar an aistriú digiteach (mar gheall ar rolladh amach mall an phríomhbhonneagair dhigitigh). Mar shampla**,** tá ceann de na leibhéil chumhdaigh is ísle san Aontas ag an tSeicia maidir le cumhdach líonraí fíor-ardacmhainneachta agus cumhdach cábla snáthoptaice go háitreabh. Tá ualach ar leith ag baint le rialacha pleanála spásúlachta i gcathracha móra, mar a bhféadfadh níos mó ná 10 mbliana a bheith i gceist le plean uirbeach a thabhairt cothrom le dáta. D'fhéadfaí feabhas a chur ar an staid, mar shampla, trí fhreagrachtaí maidir le pleanáil spásúlachta a ath-leithdháileadh idir an stát agus na bardais agus trí cheanglais phleanála a idirdhealú le haghaidh lonnaíochtaí beaga agus móra. Maidir le ceadú tógála, rinneadh roinnt dul chun cinn, go háirithe maidir le cruthú an údaráis speisialaithe don bhonneagar poiblí agus maidir leis an digitiú. Mar sin féin, is beag fianaise atá ann fós go bhfuil an próiseas ceadaithe níos tapúla. D'fhéadfaí dlús a chur leis an bpróiseas sin trí fheabhas a chur ar an digitiú, lena n-áirítear ar idir-inoibritheacht, agus ar acmhainneacht agus bainistiú oifigí tógála.

(25) Tá inacmhainneacht tithíochta íseal agus ag laghdú. Le 10 mbliana anuas, tá an cóimheas idir praghsanna tithe agus ioncam sa tSeicia ag fás ar an tríú luas is airde san Aontas. Tá leibhéal na hinacmhainneachta an-íseal i gcathracha, mar a n-íocann 11,2 % de dhaoine níos mó ná 40 % dá n-ioncam as tithíocht. I gcás daoine a thuilleann níos lú ná 60 % den ioncam airmheánach, is é 43,4 % an ráta sin. Is sa tSeicia atá ceann de na leibhéil infhaighteachta tithíochta sóisialta is ísle san Aontas, agus tá os cionn 160 000 duine thíos leis an easpa dídine agus leis an eisiamh tithíochta. Leis an gcreat cánachais tithíochta atá ann faoi láthair, ní chuirtear na dreasachtaí cearta ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an staid. Tá an t-ioncam ó chánachas maoine athfhillteach an-íseal ag 0,4 % de OTI (AE: 1,8 %), agus caitear le cíosanna gearrthéarmacha ar bhealach níos fabhraí ná mar a chaitear le cíosanna fadtéarmacha. Dá méadófaí na cánacha maoine agus dá nascfaí le luachanna margaidh iad, mar aon le deireadh a chur le cóireáil fhabhrach cánach cíosanna gearrthéarmacha, dhreasófaí tithíocht fholamh agus tithíocht ar cíos gearrthéarmach a chur ar an margadh cíosa fadtéarmach agus tógáil níos dlúithe. Laghdófaí an t-éileamh freisin trí in-asbhainteacht cánach ioncaim phearsanta a laghdú i gcás íocaíochtaí úis morgáiste. Ar thaobh an tsoláthair, sa bhreis ar phleanáil spásúlachta níos fearr, ceadú tógála agus dreasachtaí bardasacha — d’fhéadfaí an stoc tithíochta a mhéadú freisin trí níos mó infheistíochta a dhéanamh i dtógáil agus in athchóiriú tithíochta arna dhéanamh ag an earnáil phoiblí agus ag an earnáil neamhbhrabúis.

(26) Tá ráta coigiltis níos airde ná meán an Aontais ag teaghlaigh sa tSeicia, ach tá sciar mór dá sócmhainní airgeadais fós á sealbhú in airgead tirim agus i dtaiscí. An tráth céanna, tá a n-infheistíocht dhíreach i scaireanna agus bannaí liostaithe fós teoranta, mar aon le hinfheistíocht a chuirtear trí tháirgí árachais agus cistí pinsin, atá go mór faoi bhun mheán an Aontais agus d’ainneoin sciar níos airde a infheistíodh trí chistí infheistíochta i gcomparáid leis an am a chuaigh thart. Trí choigilteas príobháideach a threorú trí na margaí caipitil, d’fhéadfaí maoiniú breise luachmhar a chur ar fáil do ghnólachtaí agus an sciar an-íseal de scaireanna agus bannaí liostaithe atá ann faoi láthair a mhéadú mar fhoinse maoinithe gnó.

(27) Bhí glacadh dearfach leis an táirge infheistíochta fadtéarmaí a tugadh isteach le déanaí, ach d’fhéadfadh sé gur ghá a dhearadh a leasú chun breisíocht a áirithiú i ndáil le hionstraimí coigiltis fhadtéarmaigh eile, amhail cistí pinsin an 3ú colún. Ba cheart tacú leis an ráta rannpháirtíochta i gcistí pinsin an 3ú colún, rud a spreagfadh ranníocaíochtaí níos airde go háirithe d’fhostaithe óga agus d’fhostaithe ar ioncam íseal. Dá ndéanfaí níos mó a leithdháileadh ar infheistíochtaí cothromais ó chistí pinsin an 3ú colún, chuirfí feabhas ar a bpróifíl toraidh mheasartha agus ar a dtarraingteacht. D’fhéadfaí é sin a chur chun cinn trí dhálaí a chruthú le haghaidh straitéisí infheistíochta fadtéarmaí níos éagsúlaithe, agus athbhreithniú á dhéanamh ag an am céanna ar ghnéithe rialála agus ar roghanna infheistíochta réamhshocraithe lena gcuirtear teorainn le neamhchosaint ar chothromas, solúbthacht infheistíochta agus roghanna eisíocaíochta oiriúnacha, rud a spreagfadh gné láidir bhlianachta. Le deais pinsean poiblí lena ndéantar comparáid idir torthaí cistí agus táillí cistí, in éineacht le córas rianaithe pinsean lena léirítear cearta poiblí agus príobháideacha carntha, chuirfí borradh faoin trédhearcacht, faoin iomaíocht agus faoin bhfeasacht.

(28) Tá rochtain ar mhaoiniú neamhbhainc teoranta do ghnólachtaí nuálacha, ós rud é go bhfuil éiceachóras cothromais phríobháidigh agus caipitil fiontair na Seicia ilroinnte agus tearcfhorbartha, agus cuid mhór den chistiú ann do ghnólachtaí nuálacha atá ag brath ar infheisteoirí coigríche. Dá spreagfaí rannpháirtíocht níos mó ó infheisteoirí institiúideacha agus miondíola, i gcothromas liostaithe agus neamhliostaithe, i gcaipiteal fiontair agus i gcothromas príobháideach, chuideofaí leis an gcomhthiomsú de chaipiteal riosca fadtéarmach atá ar fáil do ghnólachtaí a leathnú. Sa chomhthéacs sin, dá ndéanfaí iarrachtaí breise chun aistarraingtí luatha ó infheisteoirí institiúideacha intíre, amhail árachóirí agus cistí pinsin, a dhídhreasú, chuirfí feabhas ar a gcumas níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcineálacha sócmhainní a bhfuil tréimhse infheistíochta ionchasach níos faide acu.

(29) Na hiarrachtaí atá á ndéanamh cheana chun tacaíocht phoiblí a sholáthar agus chun infheisteoirí institiúideacha agus miondíola a charnadh isteach i gcothromas príobháideach agus i gcaipiteal fiontair, ba cheart iad a leathnú tuilleadh trí úsáid níos mó a bhaint as ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear struchtúir ciste cistí agus sásraí dí-rioscaithe iomchuí. Is féidir le hionstraimí den sórt sin cuidiú le cistiú príobháideach a shlógadh i dtreo gnólachtaí nuálacha atá dírithe ar fhás, agus ar an gcaoi sin tacú leis an iomaíochas agus le dícharbónú an gheilleagair. Chuige sin, bheadh gá le cumas bainistithe ábhartha an Bhainc Forbartha Náisiúnta a neartú chun ionstraimí den sórt sin a dhearadh agus a chur in úsáid go héifeachtach.

(30) Tá roinnt beart glactha ag an tSeicia chun feabhas a chur ar a héiceachóras nuálaíochta, ach tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun leas a bhaint as a hacmhainneacht taighde agus nuálaíochta. Le hathchóiriú 2025 ar phlean scair-rogha na bhfostaithe, cuirtear feabhas ar tharraingteacht na scéime do ghnólachtaí nuathionscanta, agus tá Gníomh um Ghnólachtaí Nuathionscanta nua á fhorbairt, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcreat rialála do ghnólachtaí nuálacha. Tá gá leis sin toisc go bhfuil bacainní riaracháin fós ina n-ualach ar ghnólachtaí sa tSeicia, agus measann 71 % díobh go bhfuil rialacháin ina mbacainn ar infheistíocht, agus toisc go bhfuil feidhmíocht nuálaíochta fós faoi bhun mheán an Aontais. Ina theannta sin, tá gnólachtaí na Seicia chun deiridh ar mheán an Aontais maidir le hard-uirlisí digiteacha áirithe a ghlacadh agus maidir le déine dhigiteach gnólachtaí, go minic mar gheall ar ghanntanas scileanna digiteacha agus srianta airgeadais. Is é is aidhm don Acht nua um Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht (i bhfeidhm ó 2027 ar aghaidh) aistriú eolais a chur chun cinn agus cistiú solúbtha T&F a cheadú, ach tá na dreasachtaí institiúideacha chun taighde a thráchtálú agus na naisc idir an saol acadúil agus an saol gnó fós lag. Is é is aidhm don athchóiriú ar asbhaintí cánach T&F an scéim a dhéanamh níos tarraingtí. Áirítear ar na bearta a rinne an tSeicia, mar shampla, comhar an údaráis cánach le saineolaithe T&F agus díriú ar fhíorghníomhaíochtaí T&F a shainaithint, agus ag an am céanna, níos lú béime a chur ar chomhlíonadh ceanglas foirmiúil. Thairis sin, tacaítear go díreach le comhar idir cáiníocóirí agus an saol acadúil (lena n-áirítear an t-aistriú feasa gnó) san asbhaint T&F. Ag an am céanna, ba thairbheach an rud é dá ndéanfaí bearta breise chun feabhas a chur ar an intuarthacht i gcur chun feidhme na scéime toisc nach mbaineann ach 30 % de na gnólachtaí atá gníomhach sa taighde tairbhe as. Tá an acmhainneacht taighde teoranta a thuilleadh mar gheall ar chaiteachas T&F atá ag laghdú (ag 1,8 % de OTI in 2024) agus a éifeachtúlacht íseal, rud a gcuireann ardleibhéal ilroinnte sa chóras taighde bac uirthi.

(31) Fágann spleáchas ard leanúnach na Seicia ar bhreoslaí iontaise allmhairithe go bhfuil an geilleagar leochaileach do shuaití praghsanna agus soláthair, rud a chuireann a shlándáil eacnamaíoch agus a iomaíochas fadtéarmach i mbaol. Is san earnáil iompair atá an sciar is mó den tomhaltas fuinnimh deiridh, ar sciar é atá ag fás agus arb é dóchán breoslaí iontaise is cúis leis den chuid is mó. Tá glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha fós go mór chun deiridh ar mheán an Aontais. Ba cheart na hathchóirithe a glacadh mar chuid de REPowerEU a chomhlánú le bearta breise chun borradh a chur faoin tsoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, díolúine ó tháillí greamáin mórbhealaigh a choinneáil ar bun le haghaidh gluaisteáin agus veaineanna astaíochtaí nialasacha, agus díolúintí a leagan amach freisin d'fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha ó dholaí chun cuidiú le hearnáil mhór lasta na Seicia a dhícharbónú. Leis na hiarrachtaí dícharbónaithe sin, ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar infhaighteacht íseal roghanna iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha atá inacmhainne agus inrochtana, rud a chuireann bac ar shoghluaisteacht agus ar rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal, trí nascacht réigiúnach a fheabhsú, trí sheirbhísí a dhéanamh níos inacmhainne do theaghlaigh leochaileacha, agus trí thacú le scéimeanna iompair ar éileamh, i gcás inarb iomchuí. Tá tomhaltas fuinnimh an tionscail fós ard, cé go bhfuil laghdú ag teacht air le blianta beaga anuas, rud a léiríonn feabhsuithe éifeachtúlachta agus athruithe struchtúracha. Chun bealach costéifeachtach i dtreo an dícharbónaithe agus an iomaíochais thionsclaíoch a áirithiú, tá gá le tuilleadh infheistíochta san éifeachtúlacht fuinnimh agus sa leictriú. Is forbairt dhearfach é aistriú thionscal na Seicia de réir a chéile i dtreo líon níos airde teicneolaíochtaí glasa a tháirgeadh. Tá breoslaí iontaise fós ar an bpríomhfhoinse chun leictreachas a ghiniúint, agus is iad is cúis le thart ar 40 % den aschur iomlán in 2025. Ós rud é go bhfuil an téamh ceantair fós ag brath ar bhreoslaí iontaise den chuid is mó, tá gá freisin le hiarrachtaí breise chun an earnáil a dhícharbónú agus chun tacaíocht a chur ar fáil do théamh agus d'fhuarú in-athnuaite. Ina theannta sin, ní bhaintear úsáid leordhóthanach as cánachas comhshaoil sa tSeicia.

(32) Tá sciar na Seicia d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa mheascán leictreachais éirithe marbhánta ag 16,6 %, an dara sciar is ísle san Aontas in 2025. Tá praghsanna leictreachais fós socraithe ag gás nádúrtha costasach den chuid is mó, a bhfuil a phríomhról mar theicneolaíocht imeallach chun praghsanna a shocrú aige fós. Cé gur rannchuidigh athchóirithe faoi REPowerEU le nós imeachta ceadaithe cuíchóirithe, níl leas bainte fós as acmhainneacht fuinnimh gaoithe den chuid is mó. Le hainmniú na limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite, a mheastar a dhéanfar faoi mhí Lúnasa 2026 mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, beifear in ann suiteálacha in-athnuaite ar mórscála a fhorbairt níos tapúla, rud a chuirfidh le praghsanna fuinnimh níos inacmhainne agus le neamhchosaint níos ísle ar rioscaí seachtracha. Tá an easpa cinnteachta fadtéarmaí d'infheisteoirí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite fós ina bacainn struchtúrach thábhachtach ar rolladh amach na bhfoinsí sin. Trí cheantanna cumhachta a sheoladh agus conarthaí fadtéarmacha a fhorbairt ar scála níos mó, d'fhéadfaí tionscadail fuinnimh in-athnuaite ar scála níos mó a fhás thar scéimeanna tacaíochta traidisiúnta agus deiseanna a chruthú freisin do thionscail dianfhuinnimh dícharbónú a dhéanamh.

(33) I bhfianaise acmhainneacht theoranta eangacha leictreachais na Seicia agus an ghá atá leis na líonraí a uasghrádú, tá bac fós á chur ar chur in úsáid tapa foinsí fuinnimh in-athnuaite. Tá an infheistíocht san eangach fós faoi bhun an leibhéil is gá chun freastal ar na riachtanais mhéadaithe maidir le leictriú agus soghluaisteacht inbhuanaithe. Tá na moilleanna ar rolladh amach infheistíochtaí móra i mbonneagar eangaí fós ann, go háirithe, mar gheall ar na scrogaill sa phleanáil spásúlachta agus san acmhainneacht riaracháin. Thairis sin, tá dúshláin fós ann maidir le bainistiú na heangaí, amhail scuainí nasctha eangaí agus áirithintí acmhainneachta neamhúsáidte, agus rolladh amach mall méadar cliste. Tá céimeanna reachtacha tábhachtacha glactha ag an tSeicia ar mhaithe le tuilleadh solúbthachta neamhiontaise, ach thabharfadh tuilleadh infheistíochtaí san earnáil sin níos mó cobhsaíochta don mhargadh. Soláthraíonn an Lárionad Sonraí Leictreachais feidhmiúlachtaí le haghaidh comhroinnt fuinnimh cheana féin, ach ní mór céimeanna deiridh an Lárionaid Sonraí Leictreachais a chur chun feidhme fós chun go bhféadfaí an tsolúbthacht theicniúil agus solúbthacht an mhargaidh a chomhiomlánú go neamhspleách. D'fhágfadh siad sin go bhféadfaí aistriú chuig earnáil fuinnimh níos solúbtha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a chomhtháthú. Gné thábhachtach atá in easnamh is ea an t-athchóiriú taraifí, lena n-áirítear scéim taraife dhinimiciúil a thabhairt isteach, má táthar le leas iomlán a bhaint as tairbhí na solúbthachta intíre agus chun bainistiú éifeachtach eangaí a áirithiú.

(34) Tá dul chun cinn déanta ag an tSeicia maidir le héifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh cónaithe a fheabhsú. Tá torthaí bainte amach ag na cláir tacaíochta athchóirithe, cé go bhfuil na feabhsuithe dírithe den chuid is mó ar thithe teaghlaigh, agus tá an dul chun cinn maidir le hathchóiriú foirgneamh árasán agus teaghaisí ar ioncam íseal fós mall. Is dúshlán leanúnach é athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí. San earnáil tearcfheidhmíochta sin, d'fhéadfadh rolladh amach ionstraimí airgeadais nuálacha caipiteal príobháideach a ghiaráil le haghaidh infheistíochtaí coigiltis fuinnimh.

(35) Dúshlán atá ag éirí níos suntasaí do tháirgiúlacht earnálacha tionsclaíochta, talmhaíochta agus fuinnimh na Seicia is ea athléimneacht lag in aghaidh an athraithe aeráide agus athléimneacht lag uisce. Tá rialachas riaracháin lag agus acmhainneacht riaracháin lag ag an tSeicia maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus beartais uisce. Cuirtear bac ar a gcur chun feidhme mar gheall ar easpa shistéamach acmhainní daonna ar fud na n-aireachtaí agus na leibhéal rialachais uile, roinnt dhoiléir na bhfreagrachtaí eatarthu agus easpa creata comhordúcháin éifeachtúil. Dá ndéanfaí córas comhordúcháin a bhunú, freagrachtaí a shainiú agus an acmhainneacht institiúideach a neartú, d'áiritheofaí cur chun feidhme éifeachtach na mbeartas oiriúnúcháin ar fud na n-earnálacha.

(36) Tá leibhéil arda fostaíochta i margadh saothair na Seicia; ba é 82,9 % an ráta fostaíochta in 2025 (AE: 76,1 %) agus ba é 2,8 % an ráta dífhostaíochta (AE: 6,0 %), iad i measc na rátaí is fearr feidhmíocht san Aontas. Mar sin féin, tá an ráta folúntas gar do mheán an Aontais. Chomh maith le soghluaisteacht níos airde an lucht saothair, d'fhéadfaí folúntais a líonadh trí leibhéil fostaíochta grúpaí áirithe sa daonra a mhéadú. Áirítear orthu sin tuismitheoirí leanaí óga, Romaigh agus daoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin, meastar go raibh 66 % de dhídeanaithe ón Úcráin a bhí gníomhach sa gheilleagar fostaithe in 2024; mar sin féin, thuairiscigh leath díobh go raibh siad ag obair i róil nach raibh ag teacht lena gcáilíochtaí. Tá sé sin nasctha, i measc nithe eile, le haitheantas casta do cháilíochtaí eachtracha agus le líon ard gairmeacha rialaithe. Bhí ráta fostaíochta na Romach thart ar 55 % in 2024 (i gcomparáid le 82,3 % sa phobal i gcoitinne), agus beagnach leath de na Romaigh óga idir 16 agus 29 mbliana d'aois, níl siad i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (i gcomparáid le 8,6 % go náisiúnta), rud a bhaineann an bonn den chuimsiú sóisialta.

(37) Tá an córas cánach agus sochar fós ag díspreagadh tuismitheoirí, go háirithe máithreacha, ó dhul ar ais chuig an obair. Cé gurbh é 77,5 % ráta fostaíochta na mban in 2025 (AE: 71,3 %), ba é 32,8 pointe céatadáin an bhearna fostaíochta idir na hinscní i gcás na mban idir 25 agus 34 bliana d'aois in 2025, arbh í ceann de na bearnaí ba mhó san Aontas í. Ba í 18.5 % an bhearna phá idir na hinscní in 2024 (AE: 11.1 %), agus bhí tréimhsí saoire fada tuismitheora i measc na saincheisteanna ba bhonn leis an luach sin. Bhí an cánachas ar thuilleamh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh beagán os cionn mheán an Aontais in 2025, agus tá sé cothrom leis an ding chánach do dhaoine aonair ar an leibhéal pá céanna go fóill. Ní leor an creidmheas cánach do chéilí nach bhfuil ag obair ná dearadh na sochar teaghlaigh mar spreagadh do thuismitheoirí, go háirithe máithreacha, le bheith ag obair. Maidir le hinfhaighteacht seirbhísí cúraim leanaí, in 2025, ní raibh ach 7,9 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois ag fáil cúram leanaí, agus is feabhas 3,5 pointe céatadáin é sin i gcomparáid le 2023, cé go bhfuil sé fós i bhfad faoi bhun mheán 40,5 % an Aontais. Is é is cúis leis sin níos lú leanaí agus acmhainneacht mhéadaithe araon, ach tá gá fós le níos mó acmhainneachta i roinnt réigiún (chomh maith le samhaltú níos fearr den éileamh). Tá acmhainneacht na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh pobalbhunaithe agus baile fós tearcfhorbartha freisin, rud a laghdaíonn an fhostaíocht i measc cúramóirí, ar mná iad de ghnáth, agus a fhágann go mbíonn dúshláin níos leithne ann freisin maidir le heagrú an chúraim, lena n-áirítear i gcúram sláinte. Tá an infheistíocht phoiblí i gcúram fadtéarmach cónaithe 14 % níos airde sa tSeicia i gcomparáid leis an Aontas agus tá na hinfheistíochtaí i gcúram sláinte agus sóisialta atá bunaithe sa bhaile/seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá bunaithe sa bhaile 20,5 % níos ísle ná mar atá san Aontas, rud a léiríonn go follasach gur gá struchtúr infheistíochta poiblí níos cothroime a aimsiú le haghaidh cúram fadtéarmach i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois go tapa. Tá an córas cúraim sláinte fós ag brath an iomarca ar sheirbhísí in ospidéil, le hacmhainneacht ard leapacha, rátaí ísle áitíochta agus iontrálacha inseachanta, rud a léiríonn neamhéifeachtúlachtaí agus comhordú neamhleor le cúram príomhúil agus pobail.

(38) Leanann an córas cánach agus sochar d'ualach trom a chur ar shaothraithe ar ioncam íseal, rud a laghdaíonn dreasachtaí airgeadais chun dul i mbun oibre mar gheall ar ranníocaíochtaí arda neamh-inasbhainte agus laghduithe ar shochair de réir mar a mhéadaíonn tuilleamh. Tá ceann de na dingeacha cánach saothair is airde ag an tSeicia d'oibrithe aonair a thuilleann 50 % den mheánphá, rud a dhíspreagann an fhostaíocht fhoirmiúil agus a spreagann an geilleagar dubh agus bochtaineacht oibre. Dá ndéanfaí cánacha saothair a choigeartú, d'fhéadfaí an t-ualach sin a laghdú agus níos mó daoine a spreagadh chun fostaíocht chaighdeánach a fháil. Ina theannta sin, tá sciar ard d'oibrithe féinfhostaithe sa tSeicia (13 %, AE: 9 %) a ngearrtar cánachas i bhfad níos ísle orthu ná mar a ghearrtar ar fhostaithe traidisiúnta. Leis an gcóras atá ann faoi láthair, ceadaítear do dhaoine féinfhostaithe 40-80 % den ioncam a asbhaint mar chostais ghnó nó, i gcás na ndaoine siúd a thuilleann níos lú ná CZK 2 mhilliún in aghaidh na bliana, cáin chnapshuime a roghnú. Tá an cháin sin i bhfad níos ísle ná an cháin a d'íocfadh gnáthfhostaí a thuilleann ioncam comhchosúil, agus ní íocann oibrithe féinfhostaithe ardioncaim ach an ceathrú cuid den cháin a d'íocfadh fostaí coibhéiseach. Rinneadh athchóiriú a rinneadh le déanaí a aisiompú i mí an Mhárta 2026, agus an bonn measúnaithe íosta pinsin á choinneáil ag 35 % den mheánphá. Trí dhíolúintí d'oibrithe ardioncaim a bhaint, d'fhéadfaí cothroime a fheabhsú agus saobhadh ar mhargadh an tsaothair a laghdú.

(39) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an tSeicia in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(40) Cuireann rannpháirtíocht agus gnóthachtáil ardoideachais atá réasúnta íseal leis an nganntanas oibrithe oilte, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha. Tá rátaí gnóthachtála an oideachais threasaigh i measc daoine idir 25 agus 34 bliana d'aois fós i measc na rátaí is ísle san Aontas (36 %, AE: 45 % in 2025), i bhfad faoi bhun sprioc 45 % an Aontais. Tá líon iomlán na ndaoine atá cláraithe san oideachas treasach fós íseal d'ainneoin méadú beag idir 2020 agus 2023, agus tá rátaí luathfhágála fós ard, go háirithe i sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), sa talmhaíocht agus i seirbhísí. Tá an easpa tacaíochta airgeadais agus gairmthreorach leordhóthanaí do mhic léinn agus mímheaitseálacha idir an clár agus ionchais na mac léinn i measc na nithe a spreagann rátaí arda luathfhágála in institiúidí ardoideachais na Seicia. Tá an tithíocht inacmhainne fós i measc na bpríomhdhúshlán. Mar gheall ar thacaíocht neamhleor do mhic léinn, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, cuirtear teorainn lena rochtain ar an oideachas threasaigh, lena rannpháirtíocht ann agus le críochnú rathúil an oideachais threasaigh.

(41) Tá líon na ndaoine atá cláraithe i gcláir ETIM fós beagán íseal i gcomparáid le meán an Aontais, rud a léiríonn dúshláin struchtúracha leanúnacha. In 2023 níor bhain ach 11,8 bean as míle duine idir 20 agus 29 mbliana d'aois céim amach i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM), ráta atá faoi bhun mheán 15 an Aontais. Cuireann an treocht sin le ganntanais scileanna in earnálacha ardéilimh, tá an baol ann go gcuirfidh sí srian ar acmhainneacht nuálaíochta agus taighde, agus léiríonn sí dúshláin níos leithne a bhaineann le rannpháirtíocht agus coinneáil mac léinn, lena n-áirítear treoir theoranta chun réimsí ETIM a shaothrú.

(42) Tá srianta ar an tSeicia maidir leis an meánoideachas, go háirithe acmhainneacht neamhleor i meánscoileanna ginearálta agus solúbthacht theoranta do mhic léinn chun bogadh idir an t-oideachas ginearálta agus an t-oideachas speisialaithe, rud a chuireann srian ar dheiseanna na mac léinn dul ar aghaidh go rathúil chuig an oideachas treasach. D'ainneoin spéis mhéadaitheach i gconairí oideachais ghinearálta, níor choinnigh an soláthar suas leis an éileamh. Cé go bhfuil sciar mór de mhic léinn an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an oideachas treasach, tá a rátaí rathúlachta faoi bhun rátaí na mac léinn sna conairí ginearálta, rud a chuireann le leibhéal íseal oideachais threasaigh go comhsheasmhach. Is measa fós na dúshláin sin mar gheall ar ghanntanais múinteoirí cáilithe, go háirithe i réimsí ardéilimh amhail ETIM agus i réigiúin áirithe, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do cháilíocht an oideachais.

(43) Tá tionchar mór ag an gcúlra socheacnamaíoch ar fheidhmíocht oideachais sa tSeicia, agus tá ceann de na bearnaí feidhmíochta is mó san Aontas aici idir daltaí atá faoi bhuntáiste socheacnamaíoch agus daltaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. I gcás na matamaitice, ba í an cúigiú bearna ab airde san Aontas i gClár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí. Cuireann an luathrianú acadúil, difríochtaí i gcineálacha scoile agus leithscaradh leanaí Romacha leis na torthaí sin, mar aon le neamhionannais réigiúnacha leanúnacha maidir le rochtain ar oideachas. Cé gur cuireadh tús le bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear clár tacaíochta do scoileanna ina bhfuil sciar ard de dhaltaí faoi mhíbhuntáiste, tá gá le tuilleadh iarrachtaí. D'fhéadfaí a áireamh ar fheabhsuithe breise tacaíocht níos fearr do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile chun na curaclaim athbhreithnithe a chur chun feidhme agus chun an t-ualach riaracháin ar scoileanna beaga a laghdú.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSeicia in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtaigh an Chomhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Feabhas a chur ar na dreasachtaí d'oibrithe scothaosta leanúint de bheith ag obair. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí, go háirithe trí úsáid chórasach a bhaint as athbhreithnithe caiteachais agus as táscairí atá bunaithe ar thorthaí.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarbh iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Acmhainneacht an riaracháin phoiblí a neartú, sa rialtas láir agus i réigiúin faoi mhíbhuntáiste araon, chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus scileanna a fhorbairt. Infheistíocht phoiblí agus éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú trí chomhar i measc riaracháin bhardasacha a shimpliú agus a dhreasú, agus trí rialacha maidir le sannadh cánach bardasaí a choigeartú, más ábhartha. Pleanáil spásúlachta a shimpliú agus digitiú, acmhainneacht agus bainistiú oifigí tógála a fheabhsú. Feabhas a chur ar sholáthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta trí ról na n-earnálacha poiblí agus neamhbhrabúis a leathnú agus trí úsáid níos éifeachtúla na tithíochta atá ann cheana.

4. Margaí caipitil, rochtain gnólachtaí ar mhaoiniú neamhbhainc agus na coinníollacha maidir le coigilteas, infheistíocht agus nuálaíocht a neartú trí infheistíochtaí teaghlaigh i margaí caipitil a chur chun cinn, trí fheabhas a chur ar dhearadh an táirge coigiltis fhadtéarmaigh agus chistí pinsin an tríú colún. Rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha i scaireanna liostaithe agus neamhliostaithe a spreagadh, chomh maith le caipiteal fiontair agus cothromas príobháideach. Úsáid ionstraimí airgeadais a mhéadú, lena n-áirítear trí acmhainneacht an Bhainc Forbartha Náisiúnta a neartú i ndáil le cistiú príobháideach a shlógadh. Borradh a chur faoin nuálaíocht agus feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó trí fheabhas a chur ar an gcreat rialála do ghnólachtaí nuathionscanta, ilroinnt an chórais taighde a laghdú agus dlús a chur le glacadh teicneolaíochta, lena n-áirítear trí aistriú teicneolaíochta ón saol acadúil agus trí úsáid éifeachtach a bhaint as sochair chánach T&F.

5. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe maidir le hiompar de bhóthar, tionsclaíocht, téamh agus giniúint cumhachta. Dlús a chur le cur in úsáid tionscadal fuinnimh ghlain in-athnuaite, lena n-áirítear trí dhreasachtaí a sholáthar chun acmhainneacht fuinnimh gaoithe ar mórscála a leathadh amach. Eangacha leictreachais a nuachóiriú agus a leathnú, solúbthacht saor ó iontaise a fheabhsú, cur chun feidhme fheidhmiúlachtaí uile an Lárionaid Sonraí Leictreachais a áirithiú, agus dálaí a chruthú ina bhféadfar na próisis iompair agus thionsclaíocha a leictriú. Bearta a achtú chun tomhaltas fuinnimh agus déine carbóin na hearnála foirgneamh a laghdú, go háirithe maidir leis an stoc foirgneamh poiblí. Rialachas agus comhordú maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú ar gach leibhéal rialtais.

6. Rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus aitheantas cáilíochtaí eachtracha a shimpliú. Dreasachtaí a sholáthar do thuismitheoirí chun filleadh ar an obair agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh chun níos mó ban a spreagadh chun dul isteach sa mhargadh saothair. An t-ualach cánach ar oibrithe ar ioncam íseal a laghdú agus díolúintí a thabhairt do dhaoine féinfhostaithe ardioncaim. Borradh a chur faoi scileanna agus faoi thorthaí oideachais trí rannpháirtíocht a mhéadú, rátaí luathfhágála a laghdú, agus níos mó tacaíochta do mhic léinn a chur ar fáil le haghaidh an oideachais threasaigh, agus níos mó tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna faoi mhíbhuntáiste agus do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas. An líon mac léinn agus céimithe i réimsí ETIM a mhéadú, go háirithe mná. Rochtain ar oideachas ginearálta meánscoile a leathnú, é a chur ar a gcumas do dhaltaí aistriú idir an t-oideachas ginearálta agus an gairmoideachas, agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*